



Foras na Gaeilge

Plean Corparáideach Fhoras na Gaeilge 2023-2025

*Tá an Plean seo i bhfoirm dréachta agus le faomhadh fós
ag an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas.*

Clár an Ábhair

1. Achoimre fheidhmeach	3
2. Ráiteas misin	7
3. Ráiteas físe	7
4. Athbhreithniú ar fheidhmíocht i leith Phlean Chorporáideach 2020-2022	8
5. Mórchuspóirí straitéiseacha, spriocanna gnó do 2023-2025 agus na gníomhartha leis na cuspóirí a bhaint amach	14
6. Táscairí feidhmíochta do na gníomhartha sin	31
7. Socruithe monatóireachta agus luachála	49
8. Socruithe leis an bplean a phoibliú	50
9. Aguisíní:	
• Cairt eagraíochta agus líon foirne	51
• Pleananna buiséid	52
10. Giorrúcháin: Liosta giorrúchán a úsáidtear sa téacs	54

Achoimre fheidhmeach

Léiríonn an Plean Corparáideach seo na tosaíochtaí a bheidh ag Foras na Gaeilge sa tréimhse 3 bliana idir 2023 agus 2025. Tá cúraimí reachtúla Fhoras na Gaeilge an-leathan, agus cuimsíonn siad gach gné d'fhorbairt na Gaeilge. San áireamh sna cúraimí sin tá:

- ról comhairle don dá rialtas agus don earnáil phoiblí sa dá dhlínse
- cúraimí a bhaineann le foclóireacht agus téarmaíocht;
- foilsíú leabhar idir théacsleabhair agus leabhair léitheoireachta;
- spreagadh na scríbhneoireachta agus na léitheoireachta;
- dáileachán leabhar ar shiopaí leabhar;
- gach gné d'fhorbairt na Gaeilge ag leibhéal an phobail;
- tacú le múineadh na Gaeilge agus múineadh trí Ghaeilge;
- pleanáil teanga lasmuigh den Ghaeltacht;
- tacú le réimse leathan gníomhaíochtaí trí scéimeanna deontais; agus
- caidrimh idir lucht na Gaeilge in Éirinn agus lucht na Gàidhlig in Albain.

Cé go bhfuil an-fhorbairt curtha i gcrích sna réimsí sin uile ó bunaíodh Foras na Gaeilge in 1999, tá riachtanais mhóra iontu uile go fóill, i gcomhthéacs Straitéis 20 Bliain na Gaeilge sa dlínse ó dheas, agus i gcomhthéacs na bhforbairtí polaitiúla a bhaineann le haitheantas oifigiúil don Ghaeilge sa Bhille Teanga agus Féiniúlachta i ndlínse an Fheidhmeannais. Aithníonn Foras na Gaeilge, leis na srianta foirne agus buiséid atá orainn, nach féidir tabhairt faoi gach riachtanas acu sin sna trí bliana atá romhainn, agus is é atá sa Plean Corparáideach seo na tosaíochtaí a bheidh againn, thar na réimsí éagsúla. Ar ndóigh, fágann sin go mbeidh réimsí agus riachtanais, spriocphobail áirithe, agus gnéithe d'fhorbairt na Gaeilge atá tábhachtach, ach nach mbeidh Foras na Gaeilge ábalta tabhairt fúthu sa tréimhse áirithe seo. Beidh béim á leagan ar na rudaí is práinní agus is tábhachtaí le feabhsuithe buana a dhéanamh i gcur chun na Gaeilge.

Gné lárnach den phróiseas pleanála is ea a chinntiú go bhfuilimid ag obair i gcomhpháirt le páirtithe eile, agus go bhfuil na hacmhainní atá ar fáil sa dá dhlínse d'fhorbairt na Gaeilge á n-úsáid go héifeachtach. Dá réir sin, beidh réimsí a bhfuil eagraíochtaí eile ag tabhairt fúthu nach mbeidh Foras na Gaeilge gníomhach iontu. Ní hé sin le rá nach n-aithnímid an tábhacht a bhaineann leis na réimsí sin do chur chun cinn na Gaeilge. Ar ndóigh, beidh tábhacht ar leith leis an gCur Chuige Comhpháirtíochta agus lenár gcomhpháirtíocht leis na 6 Cheanneagraíocht (Gaeloideachas; Gael Linn; Cumann na bhFiann; Oireachtas na Gaeilge; Conradh na Gaeilge agus Glór na nGael). Tá tús curtha againn le comhpháirtíochtaí eile le linn na tréimhse a bhaineann le Plean Corparáideach 2020-

2022, mar shampla Leabhair Pháistí Éireann, agus Lá Domhanda na Leabhar, a mbeimid ag iarraidh tógáil orthu le linn thréimhse an Phlean seo.

Tá ábhar an Phlean seo ag tógáil ar a bhfuil bainte amach sa tréimshe a tháinig roimhe agus tá cur síos cuimsitheach ar an obair sin san athbhreithniú ar fheidhmíocht i leith Phlean Corparáideach 2020-2022, chomh maith le heolas faoi na mórchuspóirí straitéiseacha do 2023-2025, na fochuspóirí, na gníomhartha le hiad a bhaint amach, na torthaí inmhianaithe, agus tá eolas breise faoi na táscairí feidhmíochta a shamhlaítear don tréimhse romhainn curtha ar fáil in aguisín ar leith.

Fís agus Misean Fhoras na Gaeilge

Ó bunaíodh Foras na Gaeilge, aithníodh gurbh é an stáid ba mhian linn a bhaint amach don Ghaeilge go mbeadh sí ina gnáthchuid de ghnáthshaol an ghnáthdhuine sa dá dhlínse, agus go mbeadh pobal an dá dhlínse feasach ar shaíocht shaibhir na Gaeilge. Táimid aistear fada ó sin a bheith bainte amach againn, cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta le 10 mbliana sa dá dhlínse.

Mórchuspóirí agus fochuspóirí

Léiríonn an mórchuspóir an réimse ginearálta a mbeimid gníomhach ann, agus léiríonn na fochuspóirí na gnéithe ar leith den réimse sin a mbeimid ag leagan béime orthu sna trí bliana atá romhainn.

Spriocphobail

Léiríonn na spriocphobail na pobail ar leith a mbeimid ag díriú ár ngníomhaíochtaí orthu as seo go ceann trí bliana.

Torthaí agus Táscairí

Léiríonn na torthaí na rudaí ba mhaith linn a bhaint amach trí na gníomhaíochtaí éagsúla, agus léiríonn na táscairí na bealaí a ndéanfaimid tomhas ar cad é chomh maith agus atá ag éirí linn dul chun tosaigh a dhéanamh sna mórchuspóirí agus sna fochuspóirí.

Achoimre ar Phlean Corparáideach 2023-25

Is i réimse an phobail a rinne Foras na Gaeilge an infheistíocht is mó le linn thréimhse Phlean Corparáideach 2020-2022, agus beidh sin amhlaidh i gcás an Phlean Chorporáidigh seo. Leanfaimid orainn ag iarraidh pobail sa dá dlínse a chumasú leis an nGaeilge a fhorbairt ina gceantair féin. Beidh an-bhéim á cur ar phleananna teanga chuige sin, agus dá réir sin, beimid ábalta chur chuige comhtháite a chinntiú sna pobail áitiúla, agus beimid ábalta a chinntiú go bhfuil obair Fhoras na Gaeilge ag tacú ls polasaithe agus straitéisí an dá rialtas.

Le blianta beaga anuas tá Foras na Gaeilge ag cur isteach agus amach ar 50% dár n-acmhainní i dtreo eagraíochtaí, scéimeanna agus tionscadal a thacaíonn le forbairt na Gaeilge ag leibhéal an phobail. Cuimsíonn sé sin obair na sé Cheanneagraíocht Ghaeilge, Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge (ár scéim maoinithe le hoifigigh forbartha Gaeilge a fhostú sa phobal), tacaíocht d'ionaid phobail Ghaeilge, chomh maith le scéimeanna óige, campaí samhraidh, agus scéimeanna ealaíon.

Tá cúraimí reachtúla ar Fhoras na Gaeilge i réimse na foclóireachta agus na téarmaíochta. Le linn thréimhse an Phlean Chorporáidigh seo, beimid ag súil mórthionscadal nua - foclóir aonteangach Gaeilge, agus foclóir Gaeilge:Béarla ar line a chur i gcrích.

Beidh béim mhór ar pholasaí Phleanáil Teanga an rialtais sa dlínse ó dheas sa Phlean Corparáideach seo, agus muid ag súil go mbeidh pleananna teanga 7 mbliana á gcur i gcrích i ngach ceann de na 13 de Bhailte Seirbhíse Gaeltachta atá faoi choimirce Fhoras na Gaeilge. Le linn na thréimhse corparáidí seo, beidh measúnú lárthearma le déanamh ar phleananna teanga na Líonraí Gaeilge agus ar chuid de na Bailte Seirbhíse Gaeltachta fosta.

Sa dá dhlínse, tá polasaithe tábhachtacha agus straitéisí i bhfeidhm a mbeidh torthaí suntasacha mar thoradh orthu don Ghaeilge. Lena chois sin, beidh polasaithe agus straitéisí nua á seoladh a mbeidh tionchar nach beag acu ar dhálaí forbartha na Gaeilge san am atá le teacht – Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge, plean gnímh don Straitéis Dhigiteach don Ghaeilge, Straitéis do na hEalaíona Teanga-bhunaithe, plean gnímh don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, agus Straitéis d'fhorbairt na Gaeilge i ndlínse an Fheidhmeannais. Lena chois sin, cuirfear tús le feidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 i bhfeidhm, agus an Bhille Teanga agus Féiniúlachta. Beidh Foras na Gaeilge ag iarraidh feidhm a thabhairt dár ról comhairle leis an dá rialtas chun a chinntiú go mbainfear an leas is fearr is féidir as forálacha na reachtaíochta.

Chuir Foras na Gaeilge an-bhéim ar chúrsaí cumarsáide, agus ar na meáin shóisialta le linn na thréimhse corparáidí 2020-2022, agus tá forbairt mhór déanta againn sa réimse sin anois. Beimid ag iarraidh tógáil air sin sna trí bliana atá romhainn, trí chur leis na hacmhainní atá againn a bhíonn ag plé leis an réimse agus trí chomhpháirtíocht leis an Cheanneagraíocht a bhfuil freagrachtaí orthu sa réimse seo, Conradh na Gaeilge, agus i gcomhpháirt le páirtithe eile.

Beimid ag iarraidh leanúint leis an bhéim atá curtha againn ar leabhair agus léitheoireacht le blianta beaga anuas chun a chinntiú go mbeimid ag cur le torthaí na bpolasaithe rialtais a bhaineann le pleanáil teanga agus oideachas. De réir mar a bheidh ag éirí leis an chur chuige pleanáil teanga sa Ghaeltacht agus in áiteanna eile ar fud na tíre, agus de réir mar a bheidh torthaí ag teacht as an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta agus as an bPolasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge, beidh caighdeán litearthachta agus cumas léitheoireachta ag éirí níos fearr. Beidh sé tábhachtach a chinntiú go mbeidh teacht ag pobal na Gaeilge ar leabhair, agus go mbeidh nós na léitheoireachta á fhorbairt i measc an phobail. Le linn na thréimhse corparáidí seo beidh Foras na Gaeilge ag déanamh infheistíochta i réimse na leabhar, idir na réimsí riachtanacha teicneolaíochta agus mhargaíocht. Beimid ag iarraidh tógáil ar na comhpháirtíochtaí le Leabhair Pháistí Éireann, Lá Domhanda na Leabhar agus páirtithe leasmhara eile sa réimse seo.

Cuireann forbairtí i réimse an ghnó go mór leis na deiseanna a bhaineann leis an nGaeilge ag leibhéal an phobail, agus beidh deis ag Foras na Gaeilge, sna trí bliana atá romhainn, forbairtí breise a dhéanamh sa réimse seo i gcomhar le Glór na nGael, an Cheanneagraíocht atá freagrach as forbairt an réimse seo sa phobal, le cur leis na Gradaim Ghnó agus an Q-Mharc Gnó le Gaeilge a bhfuil borradh i ndiaidh teacht orthu le bliain.

Beidh straitéisí rialtais le foilsiú go luath i réimse na n-ealaíon Gaeilge agus le haghaidh fhorbairt na Gaeilge i ndlínse an Fheidhmeannais. Beidh ról lárnach san trí bliana atá romhainn ag Foras na Gaeilge tacú leis na straitéisí seo lena chinntiú go mbeidh pleananna gnímh ina leithe agus go mbeidh torthaí suntasacha ag teacht uathu.

Tá feabhas i ndiaidh teacht ar fheidhmíocht Fhoras na Gaeilge sna róil reachtúla atá againn maidir le comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin sa dá dhlínse. Leanfaidh baill shinsearacha Fhoras na Gaeilge lena mballraíocht ar chuid de na fóraim is tábhachtaí a bhaineann le forbairt na Gaeilge sa dá dhlínse. Leanfaimid leis an gcaidreamh atá bunaithe againn leis na húdaráis áitiúla, leis na forais chultúir stáit agus leis na comhlachtaí eile stáit a mbíonn tionchar ar fhorbairt na Gaeilge sa tsochaí. Beidh polasaithe tábhachtacha i réimsí éagsúla rialtais á n-aontú sna trí bliana atá romhainn, agus beidh feidhm chomhairle Fhoras na Gaeilge rí-thábhachtach i dtaca leis sin de.

Seán Ó Coinn
Príomhfheidhmeannach
Foras na Gaeilge

Ráiteas misin

Úsáid na Gaeilge sa saol laethúil a mhéadú agus a normalú agus shaíocht na Gaeilge a roinnt leis an saol.

Ráiteas físe

An Ghaeilge a bheith neadaithe agus normalaithe i measc an mhórphobail sa dá dlínse agus feasacht ar shaíocht na Gaeilge a chur chun cinn.

Athbhreithniú ar fheidhmíocht i leith Phlean Chorporáideach 2020-2022

Tiomsaíodh an tuairisc seo ar dhul chun cinn ar Phlean Corparáideach Fhoras na Gaeilge don tréimhse 2020-2022 sa chomhthéacs go raibh struchtúir tuairiscithe agus monatóireachta in úsáid ar bhonn leanúnach le linn na tréimhse:

- Chuir Foras na Gaeilge dréacht de Phlean Gnó bliantúil faoi bhráid na n-údarás cuí gach bliain;
- Síníodh comhaontú seirbhíse gach bliain, comhaontú foirmiúil idir Foras na Gaeilge agus na Ranna Urraíochta faoi obair na bliana sin;
- Eagraíodh cruinnithe monatóireachta gach ráithe ina ndearna Foras na Gaeilge tuairisciú foirmiúil (i modh cáipéisíochta de réir múnlaí comhaontaithe) ar dhul chun cinn ar phleananna gnó agus ar cheisteanna ábhartha eile a tháinig chun cinn;
- Eagraíodh cruinnithe den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (nuair a bhí sin indéanta) agus rinneadh tuairisciú orthu ar dhul chun cinn ar obair na heagraíochta; agus
- Bhí teagmháil agus cumarsáid rialta idir Foras na Gaeilge agus na Ranna Urraíochta.

Mar chúlra níos leithne, ní mór a nótáil nach raibh Tionól Thuaisceart Éireann ná na gnéithe thuaidh theas de Chomhaontú Bhéal Feirste ag feidhmiú ó dheireadh 2021, agus dá réir sin nach raibh an cur chuige foirmiúil a bhaineann le hobair na gcomhlachtaí forfheidhmithe Thuaidh/Theas a riar (cruinnithe den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas) ag feidhmiú.

Sa chéad leath den Phlean Corparáideach seo, idir 2020 agus 2021, bhí ar Fhoras na Gaeilge dul i ngleic leis na dúshlán éagsúla a bhain leis an bpaindéim dhomhanda dár n-eagraíocht agus dár ndeontaithe, b'éigean dúinn dul i ngleic leis na srianta agus leis na hathruithe a brúdh orainn inár modhanna agus inár gcleachtais oibre. Nuair a chuirtear na dúshlán sin leis na ceisteanna polaitiúla i ndlínse an Fheidhmeannais in 2022, ba thréimhse chorrach í tréimhse Phlean Chorporáideach 2020-2022.

Os a choinne sin, don chéad uair ó 2008, tugadh ardú mór inár mbuiséad bonnlíne d'Fhoras na Gaeilge in 2021 de €1.7m. D'fhág an t-ardú seo ar a chumas ag Foras na Gaeilge cur go mór leis an chistiú ar ár gcuid scéimeanna pobal a bhí ídithe ag ciorruithe buiséid ó 2011. Thug an t-ardú sin deis dúinn méadú mór a dhéanamh ar scéim mhaoinithe d'oifigigh forbartha sa phobal, Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge, agus thug sé deis dúinn dhá scéim nua a fhorbairt scéim thacaíochta d'ionaid phobail Ghaeilge agus ciste tionscadal do thionscadail nach dtéann isteach i gceann ar bith dár scéimeanna reatha.

Úsáid laethúil na Gaeilge a bhuanú agus a mhéadú

D'éirigh linn cur go mór le líon na bpobal a bhfuil pleananna teanga i bhfeidhm iontu sa tréimhse idir 2020-2022. Faoi láthair, tá plean teanga 7 mbliana i bhfeidhm in 5 Líonra Gaeilge, 4 Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (BSG), agus pleananna ag fanacht le faomhadh an Aire Stáit in dhá BSG eile. Tá 36 pobal ag fáil tacaíochta faoi Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge – méadú mór ar an líon a bhí ann faoin Scéim Pobal Gaeilge (22).

Lean obair agus maoiniú don Cheanneagraíocht Glór na nGael le forbairt pobail agus eacnamaíochta a chur chun cinn le linn an tréimhse, agus béim ar leith acu ar thógáil páistí le Gaeilge. Le linn na tréimhse seo, rinne Glór na nGael dul chun cinn suntasach ar na réimsí faoina stiúir – tá an-fhorbairt déanta acu ar Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha, a scéim leis an nGaeilge a chur chun cinn i gclubanna de chuid CLG. D'fhoilsigh siad taighde maidir le líon na dteaghlach atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, mar chuid dá straitéis maidir le tógáil clainne le Gaeilge. Agus deireadh ag teacht leis an tréimhse chorparáideach seo, tá siad ag tacú le 120 grúpa pobail sa dá dlínse, tá scéim gradam gnó forbartha acu dírithe ar an dátheangachas sa ghnó, (chuir os cionn 120 comhlacht iarratas isteach faoin scéim sin), cuireann siad tacaíocht ar fáil d'Fhoras na Gaeilge agus muid ag plé leis an phleanáil teanga, agus iad ag eagrú cruinnithe poiblí agus ag éascú bhunú coistí stiúrtha do phleananna teanga sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta atá faoi stiúir Fhoras na Gaeilge, agus cuireann siad tacaíocht agus oiliúint ar fáil do na hoifigigh forbartha faoin Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge.

Le cois an mhaoinithe a chuir Foras na Gaeilge ar fáil don dá chultúrlann i ndlínse an Fheidhmeannais, idir 2020 agus 2022, le tacú le forbairt deiseanna agus gréasáin Ghaeilge, cuireadh maoiniú ar fáil do dhá stáisiún raidió a chuireann spásanna ar fáil do dhaoine lena gcuid Gaeilge a úsáid, agus a thugann deis do líon mór daoine Gaeilge a úsáid agus gréasáin a fhorbairt. Faoi dheireadh na tréimhse corparáidí, d'éirigh le Foras na Gaeilge maoiniú a chur ar fáil do 16 de ghrúpaí pobail eile le spásanna a sholáthar inar féidir Gaeilge a úsáid ar bhonn rialta sa phobal. Léirigh figiúirí Dhaonáireamh Thuaisceart Éireann méadú ar líon na ndaoine i ndlínse an Fheidhmeannais le cumas éigin sa Ghaeilge ó 10.7% (184,900) in 2011 go 12.4% (228,600) in 2021.

Ó thaobh cúrsaí léitheoireachta de, in ainneoin srianta agus deacrachtaí eile bainteach le COVID-19 bhí d'fóilacháin Áis os cionn €1,000,000 i 2020, 2021 agus 2022.

Sa bhreis air sin, trí Chlár na Leabhar Gaeilge, maoiníodh an tionscadal Scríobh Leabhar chun páistí bunscoile a spreagadh chun pinn. Cuireadh c.€62,681,64 san iomlán ar fáil don tionscadal thar na 3 bliana de Phlean. Tháinig méadú ar líon na ndaltaí scoile a bhí páirteach sa scéim ó 2,300 in 2020 go 7,500 in 2022. Cuireadh maoiniú ar fáil de 13 foilsitheoir Gaeilge ar bhonn bliantúil le linn na tréimhse agus foilsíodh 250 leabhar leis an maoiniú sin. Cuireadh maoiniú ar fáil le haghaidh 25 ócáid le léitheoireacht agus leabhair na Gaeilge a chur chun cinn, agus tugadh tacaíocht do 46 scríbhneoir faoin Scéim na Meantóireachta.

Bhí na Ceanneagraíochtaí Cumann na bhFiann, Oireachtas na Gaeilge agus Gael Linn an-ghníomhach sa réimse seo fosta le linn 2020-22, ag eagrú réimse cuimsitheach d'imeachtaí agus de dheiseanna do chodanna éagsúla den phobal lena gcuid Gaeilge a úsáid. Le linn 2020 go háirithe, léirigh na Ceanneagraíochtaí uilig a gcruthaitheacht, a gcumas agus a dtiomantas leis an raon leathan deiseanna a eagraíodh go fforúil le linn na paidéime.

Idir 2020-2022 bhí ról gníomhach ag an gCeanneagraíocht Cumann na bhFiann in imeachtaí a chur ar fáil do dhaoine óga a thabharfadh deis dóibh Gaeilge a labhairt agus gréasáin Ghaeilge a bhunú agus a bhuanú – Slua le Bua, Tóstal na bhFiann, Scléip na hÓige agus Carnabhal na nGaelscoileanna. Eagraíodh na himeachtaí sin ar líne agus ar an láthair ag ionad Chumann na bhFiann i nDroim Rí, agus in ionaid eile ar fud na tíre (Corcaigh, Tír Eoghain, Liatroim agus Doire). D'éirigh le Cumann na bhFiann 38 club óige fíorúil a reáchtáil le linn 2021 agus srianta COVID-19 i bhfeidhm, agus 14 acu sin dírithe ar an ngaelscolaíocht. Cuireadh tús le clubanna óige arís ar an láthair i Meán Fómhair 2022. Osclaíodh 21 chlub le linn 2022 agus is ar bhonn céimiúil a osclófar tuilleadh clubanna amach anseo, agus é mar sprioc go mbeidh 40 club óige ar oscailt ag tús 2023.

Idir 2020 agus 2022, trí Scéim na nImeachtaí Óige, chuir Foras na Gaeilge deontais ar luach €809,979.31 ar fáil chun imeachtaí trí Ghaeilge a eagrú. Bhain breis agus 18,703 duine óg tairbhe as na deiseanna seo le linn an ama sin. In ainneoin na ndúshlán a bhain leis na srianta dianghlasála de dheasca Covid-19, trí Scéim na gCampaí Samhraidh, chuir Foras na Gaeilge deontais ar fáil le haghaidh 254 campa sa dá dlínse idir 2020 agus 2022.

Rinneadh cuid mhór ullmhúcháin le linn 2020/21 do chomóradh 1,500 de bhreith Cholmcille, agus ritheadh réimse leathan imeachtaí le linn 2021 go fíorúil, agus ar an láthair in 2022, le haird an phobail a tharraingt ar na naisc idir oidhreacht Cholmcille in Éirinn agus in Albain. Cuireadh 11 de choimisiúin in áit mar chuid den chomóradh 1,500 bliain, agus cuireadh críoch ar *Cholmcille 1500* in 2022 le hócáidí in Óstaí an Rí i mBaile Átha Cliath agus i nGleann Cholmcille.

Ó thús 2022 tosaíodh in athuair ar eagrú cuid de na himeachtaí sin a nascann Gaeilge agus Gàidhlig le chéile a ligeadh i léig le linn na paindéime, ina measc, *Iomáin Cholmcille*, féile lán-Ghaeilge idir lucht iomána in Éirinn agus in Albain, agus *Calman nan Loch*, scannán Gaeilge agus Gàidhlig leis an ealaíontóir Éireannach, Deirdre Ní Mhathúna, a insíonn scéal chantaireacht na salm in oirthear Oileán Leòdhais.

Eagraíodh cuid mhór imeachtaí a thug deiseanna don phobal teacht le chéile go fíorúil agus ar an láthair idir 2020 agus 2022 trí scéimeanna éagsúla de chuid Fhoras na Gaeilge, agus trí ghníomhaíocht Oireachtas na Gaeilge agus Ghael Linn. Buaicphointe na tréimhse sin an dóigh ar cinntíodh clár gníomhaíochtaí comhaontaithe a thacaigh le húsáid na Gaeilge agus le bunú gréasán ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach.

D'éirigh le hOireachtas na Gaeilge an phríomhfhéile Ghaeilge agus Ghaeltachta a rith mar fhéile ar líne de bharr srianta Covid-19 in 2021. Bhí 21 eagraíocht ag eagrú imeachtaí i bpáirt le hOireachtas na Samhna: reáchtáladh 47 imeacht oifigiúla thar 10 lá; 14 craolachán ar na meáin náisiúnta; agus bronnadh 14 gradam náisiúnta ag na Gradaim Chumarsáide. Lena chois sin, chuaigh Oireachtas na Gaeilge i gcomhpháirt le himeachtaí eile agus tograí eile ar nós: podchraoltaí ó thaisce liteartha an Oireachtais, Sean-Nós na Fearsaíde, Oíche Nollag na mBan, Féastaí Sráide, Parkrun Abú, Ceardlanna Taibhealaíne, Lá Idirnáisiúnta na mBan, agus ócáid liteartha ag Féile Léitheoirí Chill Dara. In 2022 d'éirigh le hOireachtas na Gaeilge Oireachtas na Samhna a eagrú arís ar an láthair i gCill Airne.

Trí Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon cuireadh maoiniú ar fáil do 20 mórimeacht le linn na dtrí bliana, 168 féile, agus 49 deontas do chompántais drámaíochta.

Lean an chomhpháirtíocht idir CLG agus Foras na Gaeilge le linn an tréimhse. Chuir Foras na Gaeilge maoiniú meaitseála ar fáil do CLG Uladh le hOifigeach Forbartha Gaeilge a fhostú ó 2018-22 agus le clár oibre a chur i gcrích, agus aontaíodh Conradh le CLG na Mumhan le hOifigeach Forbartha Gaeilge a fhostú ar feadh trí bliana.

Foghlaim agus daingniú na Gaeilge a neartú

Aithníonn Foras na Gaeilge gurb iad an dá roinn oideachais, agus na ranna a bhfuil cúraimí orthu i leith leanaí agus na hóige agus cúrsaí tríú leibhéal ar an oileán is mó a chuireann foghlaim agus daingniú na Gaeilge chun cinn. Mar sin féin, tá róil thábhachtacha ag Foras na Gaeilge tacú leis an fhoghlaim trínár dtacaíocht do théacsleabhair agus leabhair léitheoireachta scoile, agus tríd an maoiniú a chuirtear ar fáil don dá Ceanneagraíocht atá gníomhach sa réimse seo, mar atá: Gaeloideachas, a thugann tacaíocht d'earnáil tumoideachais na Gaeilge, agus a dhéanann ionadaíocht thar a ceann; agus Gael Linn a chuireann tacaíocht ag fáil d'fhoghlaim na Gaeilge i measc daoine fásta, agus a dhéanann ionadaíocht thar ceann earnáil na Gaeilge sa chóras oideachais meáin Bhéarla. Lena chois sin cuireadh maoiniú ar fáil do Choláiste Ollscoile Naomh Muire dá Áisaonad Lán-Ghaeilge le háiseanna teagaisc agus foghlama a sholáthar don Ghaeloideachas.

Le linn na tréimhse 2020 – 2022, d'éirigh le Gael Linn, trí chomhoibriú le Ceanneagraíochtaí eile an *Ghaelbhratach* a chur i gcrích go sásúil gach bliain, agus seoladh áis nua do thuismitheoirí chun tacú le foghlaim na Gaeilge sa bhaile '*Is Féidir Linn*'. Idir na trí bliana, bhí an-éileamh ar an *nGaelbhratach* ó scoileanna sa dá dlínse. Le linn 2020 bhí 220 scoil páirteach; in 2021 bhí 261 scoil páirteach; agus in 2022 bhí 297 scoil faoi thionchar na scéime.

Cuireann Foras na Gaeilge go mór leis an soláthar leabhar agus téacsleabhar i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna sa dá dhlínse trínár dteach foilsitheoireachta an Gúm. D'fhoilsigh an Gúm tuairim is 75 saothar éagsúil clóite i réimse an luathoideachais, na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta idir 2020 agus 2022, ina measc, bunleabhair, aistriúcháin, saothair thagartha, póstaer, eagrán nua de sheanchlasaicí agus athchlónna ar fhoilseacháin ard-éilimh.

I dtaca le *Séideán Sí* de, an tsraith litearthachta le haghaidh scoileanna meáin Ghaeilge, rinneadh nuashonrú ar shuíomh gréasáin Shéideán Sí, forbraíodh aipeanna (Android agus iOS), rinneadh digitiú ar leabhairíní Rang 1, Céim 1 & 2 (3 chanúint), agus rinneadh coimisiúnú ar bhreis leabhar léitheoireachta do Rang 3 – Rang 6. Foilsíodh 5 leabhar nua díobh sin go dtí seo. Tá athbhreithniú ar an bpacáiste ina iomláine curtha ar bun agann lena chinntiú go mbainfear úsáid as go forleathan sna scoileanna san am atá le teacht.

Cé gurb iad na ranna rialtais is mó a thacaíonn le soláthar réamhscolaíochta, cuireann Foras na Gaeilge tacaíocht mhaoinithe ar fáil do bhunú soláthar nua réamhscolaíochta. Tríd an scéim thacaíochta sin, cuireadh £73,000 ar fáil le tacú le bunú Náiscoil na Seolta, an chéad náiscoil lán-Ghaeilge imeasctha, agus í lonnaithe in oirthear Bhéal Feirste.

I réimse na foclóireachta, sheol Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn an chéad mhórfhoclóir Béarla-Gaeilge a foilsíodh le breis is trí scór bliain: *Concise English-Irish Dictionary*. Is imeacht ar líne a bhí ann (mar gheall ar shrianta COVID-19); agus bhí breis is 10,000 cóip den leabhar díolta faoi dheireadh 2022. I mí Mheán Fómhair 2022, cuireadh tús le tionscadal nua foclóireachta ina bhfuil i gceist foclóir nua Gaeilge-Béarla agus foclóir aonteangach Gaeilge a fhoilsiú ar bhonn

comhthreomhar idir 2022 agus 2027.

Idir 2020 agus 2022 leanadh de chruinnithe de Choiste Stiúrtha an Choiste Téarmaíochta chun téarmaí a fhaomhadh. Bhí beagnach 500,000 úsáideoir go bliantúil ag an mbunachar náisiúnta téarmaíochta agus ar an gcomhéadan poiblí www.tearma.ie agus rinneadh tuilleadh forbartha ar an suíomh le linn 2022, agus cuireadh tús le taighde i dtaca le corpais a úsáid chun rianú/meastóireacht a dhéanamh ar inghlachtacht/úsáid téarmaí sa Ghaeilge. Sa tréimhse trí bliana, rinneadh beagnach 10,000 téarma nua nó leasaithe a chur leis an mbunachar ar líne.

Sa tréimhse seo bhí Gaelchultúr freagrach as sainchúrsaí oiliúna Gaeilge a sholáthar don Earnáil Phoiblí agus chun tacú leis an obair seo, cuireadh deontas nach mó ná €75,000 ar fáil do Ghaelchultúr thar an tréimhse trí bliana 2020-2022.

Lean scrúdú *An Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí* gach bliain idir 2020 agus 2022 agus d'éirigh le 22 aistritheoir an Séala a bhaint amach, táthar dóchasach go gcuirfear leis an bhfigiúr seo roimh dheireadh 2022.

[Tuiscint agus feachtas ar an nGaeilge a mhéadú i measc an phobail i gcéin agus i gcóngar](#)

Chuir Foras na Gaeilge an-bhéim ar an réimse seo sa Phlean Corparáideach agus i ngach ceann de na trí phlean gnó idir 2020 agus 2022. Reáchtáladh mórfeachtas *Creidim Ionat* le linn mhí Dheireadh Fómhair agus na Samhna 2022 le tacaíocht ó RTÉ. Chuaigh an feachtas i bhfeidhm ar 4.3 milliún duine in Éirinn, san Eoraip, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, i gCeanada agus san Astráil. Bhí an feachtas Gaelphobal le linn 2022 dírithe ar na ceantair phleanáil teanga. Mar an gcéanna, léiríonn an 21.6 milliún imprisean go ndeachaigh feachtas trasardáin #LeChéile go mór i bhfeidhm ar an bpobal ar líne le linn na paindéime domhanda in 2020. Thacaigh an feachtas seo go mór leis an bpobal Gaeilge a úsáid sa bhaile le linn na dianghlasála. Eagraíodh feachtas feasachta sé seachtaine ar thógail clainne le Gaeilge ar Instagram, Facebook agus Twitter le linn 2022. Ritheadh roinnt feachtas eile idir 2020 agus 2022 ar éirigh go maith leo – an feachtas poiblíochta le scríbhneoirí úra a mhealladh chuig an Scéim Mheantóireachta in 2021, agus fuair muid 46 iarratas ar an scéim dá bharr. Ritheadh an feachtas arís in 2022. Rinneadh feachtas ar *Cholmcille 1,500* le linn 2021 faoin teideal '*Coinneal Cholmcille*' agus teilgeadh solas ar ionaid in Éirinn agus Albain ó Ghartán agus Gleann Cholm Cille go Teach Laighean, Ballaí Dhoire agus Oileán Í.

Bhí an Cheanneagraíocht a bhfuil freagracht orthu as an réimse seo ag leibhéal an phobail, Conradh na Gaeilge, an-ghníomhach sa réimse seo. Le linn 2020 eagraíodh feachtas mór le rannpháirtíocht leathan ón bpobal, e.g. eagraíodh fóraim sna toghcheantar roimh na holltoghcháin sa dá dhlínse. Thapaigh siad deiseanna ar líne trí imeachtaí fíorúla a chur ar siúl ar fud an domhain mar chuid de Sheachtain na Gaeilge in 2021 inar ghlac na céadta mílte duine páirt; bhí 119 milliún imprisean ag #SnaG21 agus sroicheadh de 16 milliún lena linn in 2021. Maraon leis sin, rinneadh forbairtí ar chiorcal comhrá agus gréasáin ar líne, Caint & Comhrá agus COMHRÁ. Bhí Conradh na Gaeilge lárnach san fheachtas i ndlínse an Fheidhmeannais maidir le hAcht Teanga agus Féiniúlachta (Tuaisceart Éireann) 2022, agus maidir leis na leasuithe ar Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021. Lean Conradh na Gaeilge le feachtas éagsúla sa dá dlínse le dea-thorthaí, ina measc: Plean Náisiúnta Earcaíochta don Ghaeilge, Treoir den AE i leith pacáistiú dátheangach, agus Gaelvóta22.

Bhí Cumann na bhFiann gníomhach sa réimse seo fosta le linn 2020, 2021 agus 2022, le feachtais, Slua le Bua, Amhrán na Nollag, agus an comórtas Féirín.

Cuireadh tús le comhpháirtíocht cheannródaíoch le Lá Domhanda na Leabhar sa bhliain 2021, agus dá bharr, bhí *Cluasa Capaill ar an Rí* (eagrán WBD) ar an leabhar is fearr díol in Éirinn idir Ghaeilge agus Bhéarla ar feadh seachtaine don chatagóir ‘Leabhair do pháistí’. Tá Foras na Gaeilge ainmnithe mar pháirtneir oifigiúil le Lá Domhanda na Leabhar in Éirinn do 2023.

Feasacht ar an nGaeilge san Earnáil Phoiblí

Le trí bliana tá foireann ard-bhainistíochta ag bualadh le lucht ceannasaíochta na n-údarás áitiúil, forais stáit agus eagraíochtaí uile-oileánda le cur lena n-eolas agus a dtuiscint i leith na bhforbairtí atá ag tarlú leis an nGaeilge. D’eagraigh Foras na Gaeilge Seimineár Lae ‘Cultúr le Gaeilge’ le tacú le tuiscint agus feasacht ar an nGaeilge trí chomhoibriú a dhéanamh le hionadaithe ó na hinstiúidí cultúir, ina measc Comhairle Oidhreachta na hÉireann, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, An Chartlann Náisiúnta, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta, TG4, RTÉ Raidió na Gaeltachta, agus Cumann Lúthchleas Gael Uladh. Mar thoradh ar an bplé beidh fóram cúnaimh le bunú idir na forais stáit uile chun go mbeidh siad in ann tacú le chéile, lena chinntiú go mbeidh seirbhísí cearta trí Ghaeilge á gcur ar fáil do shaoránaigh.

Seirbhísí corparáideacha

Rinneadh forbairtí go leor ar gnóthaí corparáideacha le linn na dtrí bliana den Phlean Corparáideach. Rinneadh forbairtí bonneagair le córais inmheánacha agus sonraí Fhoras na Gaeilge a chur sa néal. Le linn an tréimhse seo, rinneadh an fhoireann uilig a chumasú le bheith ag obair ó chian go hiomlán.

Tá forbairtí móra déanta ar na córais slándála, ar ghléasanna agus ar bhonneagar teicniúil na heagraíochta le cosaint in aghaidh ionsaithe mailíseacha agus bagairtí slándála atá méadaithe as cuimse le trí bliana anuas. Tá méadú ag teacht ar na hacmhainní atá riachtanach le freastal ar an bhfás seo i réimse na teicneolaíochta idir chonraitheoirí breise, thuilleadh seirbhísí néal-bhunaithe agus ghléasanna nua. Ghlac Foras na Gaeilge ról gníomhach i bhforbairt an Phlean Dhigitigh don Ghaeilge atá le cur i ngníomh ó 2022 ar aghaidh.

Maidir le feidhmiú Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge 2010-2030, rinneadh tuairisciú leanúnach, bliantúil don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar obair ábhartha Fhoras na Gaeilge bunaithe ar an bPlean Gníomhaíochta 5 Bliana 2018-2022. Ghlac Foras na Gaeilge páirt ghníomhach ar an gcoiste sin, agus i ndruchtú na tuairisce. Bhí Foras na Gaeilge gníomhach sna bearta a baineadh amach mar chuid den Phlean Gníomhaíochta sa chuid is mó de na 9 réimse a bhí san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta: Oideachas, an Ghaeltacht, An Teaghlach ag Cur na Teanga ar aghaidh – idirghabháil go luath, na Meáin agus an Teicneolaíocht, Foclóirí, Reachtaíocht agus Stádas, Saol Eacnamaíochta agus Tionscnaimh Leathana.

Faoi dheireadh na tréimhse corparáidí seo beidh córas iarratas Fhoras na Gaeilge dá scéimeanna maoinithe uile ar líne, agus córas ríomhaire-bhunaithe comhtháite bunaithe a chuirfidh go mór le héifeachtacht na gcóras agus na bpróiseas iarratas, agus a éascóidh go mór an próiseas iarratas don phobal.

Mórchuspóirí straitéiseacha, spriocanna gnó do 2023-2025 agus na gníomhartha leis na cuspóirí a bhaint amach

Cuspóir A: Oideachas, Oiliúint agus Fostaíocht

Fochuspóir A1: Foghlaim, daingniú agus saibhriú na Gaeilge a chur chun cinn			
Gníomh	Spríocphobail	Páirtithe leasmhara	Bunús dlí/polasaí
<p>A1: 1 Forbairt a dhéanamh ar na mór-réimsí seo a leanas: Oideachas in earnáil an Bhéarla, agus d'aosaigh agus deiseanna úsáidte do dhaltaí scoile (Gael Linn), An Gaeloideachas/tumoideachas agus réamhscolaíocht lán-Ghaeilge (Gaeloideachas) agus forbairt deiseanna úsáidte Gaeilge agus gréasán do dhaoine óga (Cumann na bhFiann), trí mhaoiniú a chur ar fáil d'eagraíochtaí lena glár oibre réamhaontaithe a chur i gcrích.</p>	<p>Daoine óga/daltaí scoile; mic léinn; foghlaimeoirí; múinteoirí; tuismitheoirí; scoilphobail.</p>	<p>ceanneagraíochtaí cuí; ranna stáit; RTCEGSM¹; na ranna oideachais; RLCMLÓ.</p>	<p>Feidhmeanna FnaG; CCC CATT.</p>
<p>A1: 2 Líon na ndaltaí atá ag tabhairt faoin nGaeilge sna scoileanna Béarla i ndlínse an Fheidhmeannais a ardú trí fheachtais a bhunú i leith thábhacht na Gaeilge d'fhéiniúlacht an duine óig, buntáistí an dátheangachais agus deiseanna fostaíochta.</p>	<p>Daltaí; múinteoirí (Gaeilge agus gairmthreorach); tuismitheoirí agus príomhoidí.</p>	<p>Eagraíochtaí oideachasúla.</p>	<p>Feidhmeanna FnaG.</p>
<p>A1: 3 Comhairle a thabhairt do na húdaráis chúí (Roinn Oideachais, CCEA go príomha) faoin tábhacht a bhaineann le teangacha (seachas an Béarla sna scoileanna Béarla agus an Ghaeilge/an Béarla sna Gaelscoileanna) a bheith éigeantach ag leibhéal TGMO.</p>	<p>Daltaí; múinteoirí (Gaeilge agus gairmthreorach); tuismitheoirí agus príomhoidí; Scoilphobail.</p>	<p>An RO i ndlínse an Fheidhmeannais; CCEA.</p>	<p>Feidhmeanna FnaG.</p>

¹ Tá liosta de na giorrúcháin atá in úsáid ag deireadh na cáipéise.

A1: 4 Feachtas a bhunú leis an nGaeilge a láidriú sna scoileanna T1 agus T2 le go mbeidh ardú ar líon na ndaltaí a leanann ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal (múinteoirí agus gairmeacha eile).	Daltaí; múinteoirí (Gaeilge agus Gairmthreoir); tuismitheoirí agus príomhoidí.	Eagraíochtaí oideachasúla. Conradh na Gaeilge.	Feidhmeanna FnaG.
A1: 5 Scoláireachtaí Gaeltachta a chur ar fáil do dhaoine óga, daoine fásta agus teaghlaigh trí mhaoiniú a chur ar fáil do Ghael Linn, Cumann an Phiarsaigh & Conradh na Gaeilge.	Daoine óga; foghlaimeoirí fásta; teaghlaigh.	Gael Linn; Conradh na Gaeilge; Cumann an Phiarsaigh.	S20B (Oideachas) & PG5; Feidhmeanna FnaG; CCC CATT.
A1: 6 Soláthar náiscolaíochta a chur ar fáil i bpobal réamhaitheanta trí mhaoiniú a chur ar fáil agus trí bhunú náiscolaíochta a éascú, ag díriú ar líonraí, BSGanna, LPTanna agus SFLGanna.	Daoine óga, tuismitheoirí; grúpaí ceantar-bhunaithe. (líonraí; BSGanna; LPTanna; SFLGanna).	Glór na nGael; Gaeloideachas; Comhairle na Gaelscolaíochta; Altram.	Feidhmeanna FnaG; S20B (Oideachas) & PG5.
A1: 7 Tionscadail oideachasúla a fhorbairt (áiseanna, riachtanais teicneolaíochta san áireamh).	Daoine óga/daltaí; múinteoirí; grúpaí pobail.	Comhlachtaí agus grúpaí ábhartha.	Feidhmeanna FnaG; S20B (Oideachas; na Meáin agus an Teicneolaíocht) & PG5.
A1: 8 An scríbhneoireacht i measc na n-óg a chothú tríd an tionscadal Scríobh Leabhar a reáchtáil.	Daltaí bunscoile; tuismitheoirí; múinteoirí.	Ionaid oideachais éagsúla; an tÁisaonad.	S20B (Na Meáin agus an Teicneolaíocht) & PG5; Feidhmeanna FnaG.
A1: 9 Oideachas agus oiliúint phobal na Gaeilge (i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair ina bhfuil líonra, nó pobal Gaeilge) a éascú agus a shaibhriú trí fhoclóir aonteangach Gaeilge a fhoilsiú ar líne. Oideachas agus oiliúint an mhórphobail a éascú agus a shaibhriú trí fhoclóir nua Gaeilge-Béarla a fhoilsiú ar líne.	Pobal na Gaeltachta agus an Ghaeloideachais; foghlaimeoirí Gaeilge; pobal na teanga in Éirinn agus thar lear.	RTCEGSM, ; RP; na ranna oideachais.	S20B (Foclóirí) & PG5; Feidhmeanna FnaG; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú - 'Na teangacha dúchasacha a chur chun cinn agus a fhorbairt chun tacú le rochtain níos leithne ar dheiseanna, eispéireas agus seirbhísí').
A1: 10 Nuathearmaíocht a fhaomhadh do réimsí nua ábhair.	Pobal na teanga in Éirinn agus thar lear.	An Coiste Téarmaíochta.	S20B (Foclóirí) & PG5; ATPI 2020-2025 (Dea-bhail agus Ionchuimsiú); feidhmeanna FnaG.
A1: 11 Riar ar riachtanais oideachais ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile trí fhoilseacháin agus áiseanna scoile a chur ar fáil dírithe ar na curaclaim ábhartha.	Daltaí agus múinteoirí scoile.	Na ranna oideachais; COGG; múinteoirí agus scoileanna; CCEA; an tÁisaonad; an Gúm.	S20B (Oideachas) & PG5; Feidhmeanna FnaG; CCC CATT. Polasáí don Oideachas Gaeltachta.

A1: 12 Athchló ar fhoilseacháin scoile de réir mar is gá.	Daltaí agus múinteoirí scoile.	Áis; COGG; an tÁisaonad.	S20B & PG5; Feidhmeanna FnaG.
A1: 13 Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar na n-áiseanna iar-bhunscoile.	Daltaí agus múinteoirí scoile.	OCBÁC; COGG; RO (ó dheas); múinteoirí agus scoileanna.	Bunaithe ar thionscadal taighde atá ar siúl ag OCBÁC; Feidhmeanna FnaG.
A1: 14 Forbairt leanúnach ar <i>Séideán Sí</i> de réir riachtanais na hearnála.	Daltaí agus múinteoirí scoile.	Múinteoirí; scoileanna; comhairleoirí oideachais; RO (ó dheas).	An curaclam bunscóile ó dheas agus aiseolas ó mhúinteoirí a bhfuil an clár in úsáid acu; Feidhmeanna FnaG.
A1: 15 Scéim do Sholáthróirí Sainchúrsaí Oiliúna Gaeilge don Earnáil Phoiblí.	Fostaithe san earnáil phoiblí.	Comhlachtaí poiblí; soláthróirí oiliúna.	S20B (Riarachán, Seirbhísí agus Pobal) & PG5; ATO 2003 agus ATO(L) 2021; agus Acht Féiniúlachta & Teanga.
A1: 16 Tionchar a imirt agus comhairle a chur ar na ranna oideachais agus na páirtithe leasmhara in earnáil an oideachais trí fhórait chomhoibrithe.	Daltaí scoile; daoine óga; foghlaimoirí Gaeilge; múinteoirí.	Na ranna oideachais.	Feidhmeanna FnaG; APTI 2020-2025.

Fochuspóir A2: Tacú le hoiliúint ábhar oidí, céimithe agus múinteoirí oilte (oidí teanga agus ábhar araon) agus múinteoirí bunscóile sa chóras T2

Gníomh	Spriocphobail	Páirtithe leasmhara	Bunús dlí/polasaí
A2: 1 Comhairle a chur ar RO (ó dheas) maidir le dea-chleachtas sa tumoideachas trí ionadaíocht a dhéanamh ar fhórait éagsúla ar cheist an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus Oideachas Lán-Ghaeilge.	Daltaí scoile; daoine óga; foghlaimoirí Gaeilge; múinteoirí.	Ranna stáit: RTCEGSM, RO (ó dheas); ollscoileanna.	S20B (Oideachas) & PG5; Feidhmeanna FnaG; Polasaí don Oideachas Gaeltachta.
A2: 2 Rochtain tuisimitheoirí agus pobail ar sholáthair réamhscolaíochta trí Ghaeilge dá bpáistí a mhéadú trí ionadaíocht a dhéanamh ar eagraíochtaí leasmhara in earnáil an oideachais agus na réamhscolaíochta.	Daltaí scoile; daoine óga; foghlaimoirí Gaeilge; múinteoirí.	COGG; CNCM; RLCMLÓ; Comhairle na Gaelscolaíochta; an tÚdarás Oideachais; CCEA, meithleacha oibre .	Feidhmeanna FnaG; APTI 2020-2025.
A2: 3 Tacú le múinteoirí & daoine óga an Ghaeilge labhartha a chur chun cinn ina gcuid scoilphobal trí mhaoiniú a chur ar fáil do Ghael Linn don Ghaelbhratach.	Daltaí scoile; daoine óga; foghlaimoirí Gaeilge; múinteoirí; scoilphobail.	RO (ó dheas); Gael Linn.	Feidhmeanna FnaG; S20B (Oideachas) & PG5; APTI 202-2025; CCC CATT.

A2: 4 Tacaíocht a chur ar fáil d'abhair oidí agus múinteoirí trí chomhairle a thabhairt agus trí chláir oibre na gceanneagraíochtaí seo a leanas – Gael Linn (Oideachas in earnáil an Bhéarla, agus d'aosaigh agus deiseanna úsáidte do dhaltaí scoile) agus Gaeloideachas (An Gaeloideachas/tumoideachas agus réamhscolaíocht Lán-Ghaeilge).	Daltaí scoile; daoine óga; foghlaimoirí Gaeilge; múinteoirí; scoilphobail.	Gael Linn; Gaeloideachas.	Feidhmeanna FnaG; S20B (Oideachas) & PG5; APTI 2020-2025; CCC CATT.
A2: 5 Forbairt a dhéanamh ar líon agus ar éagsúlacht an raoin áiseanna atá ar fáil do mhúinteoirí agus daltaí trí chláir oibre a aontú agus maoiniú tionscadal a chur ar fáil don Áisaonad lán-Ghaeilge.	Daltaí scoile; daoine óga; foghlaimoirí Gaeilge; múinteoirí; scoilphobail.	Na ranna oideachais; an tÚdarás Oideachais; CCEA; IMSGO; ALTRAM; Comhairle na Gaelscolaíochta; COGG.	Feidhmeanna FnaG; CCC CATT.
A2: 6 Cur le feasacht an phobail ar na deiseanna agus áiseanna a chuireann Foras na Gaeilge ar fáil trí sheastáin/taispeántais a eagrú le haghaidh ócáidí agus comhdhálacha oiriúnacha.	Múinteoirí scoile agus príomhoidí.	COGG; Múinteoirí agus príomhoidí.	Feidhmeanna FnaG; S20B (Riarachán, Seirbhísí agus Pobal; Reachtaíocht agus Stádas; Saol Eacnamaíochta); PG5; agus ATO(L) 2021 (<u>tacú lean mórsprioc an rialtais ó dheas 20% den earcaíocht san earnáil stáit a bheith ábalta feidhmiú trí mheán na Gaeilge.</u>

Fochuspóir A3: Tacú le córas creidiúnaithe agus forbairt inniúlachta na hearnála aistriúcháin			
Gníomh	Spriocphobail	Páirtithe leasmhara	Bunús dlí/polasaí
A3: 1 Líon na n-aistritheoirí & eagarthóirí creidiúnaithe a mhéadú agus caighdeán an aistriúcháin agus na heagarthóireachta a fheabhsú trí thacaíocht a chur ar fáil d'earnáil an aistriúcháin agus trí chur le gairmiúlacht na hearnála tríd an gCóras Creidiúnaithe d'Aistritheoirí & tríd an gCóras Creidiúnaithe d'Eagarthóirí.	Aistritheoirí agus eagarthóirí Gaeilge.	Comhlachtaí poiblí; ranna rialtais thuaidh agus theas; soláthróirí oiliúna.	S20B (Foclóirí; Riarachán, Seirbhísí agus Pobal; Saol Eacnamaíochta) agus PG5; feidhmeanna FnaG; stádas oifigiúil na Gaeilge san Aontas Eorpach [https://ec.europa.eu/info/news/irish2022].
A3: 2 Tacaíocht bhreise a chur ar fáil d'earnáil an aistriúcháin tríd an tseirbhís Freagra agus	Aistritheoirí agus eagarthóirí Gaeilge;	Comhlachtaí poiblí; Ranna rialtais; soláthróirí oiliúna.	S20B (Riarachán, Seirbhísí agus Pobal; Saol Eacnamaíochta)

tríd an láithreán gréasán www.aistear.ie	gnólachtaí (beaga agus meánmhéide go príomha); baill den phobal.		agus PG5; feidhmeanna FnaG.
---	--	--	-----------------------------

Mórchuspóir B: Spásanna agus Láithreacha, Gréasáin agus Deiseanna.

Fochuspóir B1: Úsáid laethúil na Gaeilge a bhuanú agus a mhéadú i ngach réimse den saol			
Gníomh	Spriocphobail	Páirtithe leasmhara	Bunús dlí/polasaí
B1: 1 Forbairt a dhéanamh ar na réimsí seo: forbairt pobail, fiontraíocht agus tógáil teaghlaigh le Gaeilge (Glór na nGael), ardú feasachta, cosaint teanga agus ionadaíocht (Conradh na Gaeilge), agus deiseanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge agus le bunú gréasán (Oireachtas na Gaeilge) (Gael Linn) & (Cumann na bhFiann).	Pobal labhartha na Gaeilge Pobail i gceantair phleanála teanga.	Glór na nGael; Conradh na Gaeilge; an tOireachtas; Cumann na bhFiann; Gael Linn; RP; RTCEGSM.	CCC CATT; S20B (Pobal) & PG5; ATPI 2020-2025.
B1: 2 Deiseanna úsáidte Gaeilge a éascú do dhaoine óga trí mhaoiniú a chur ar fáil chun campaí samhraidh & imeachtaí óige a réachtáil.	Daoine óga; grúpaí pobal.	Ógras; Feachtas; Spleodar; cumainn óige; grúpaí pobal; scoileanna.	S20B (Oideachas, Pobal) & PG5; ATPI 2020-2025; Feidhmeanna FnaG.
B1: 3 Úsáid agus feasacht ar an nGaeilge a mhéadú trí thacaíocht a chur ar fáil do thionscadail pobalbhunaithe.	Grúpaí pobal.	Scáthghrúpaí cultúrtha agus spóirt.	S20B (Pobal) & PG5; ATPI 2020-2025; Feidhmeanna FnaG.
		RTCEGSM	
B1: 4 Forbairt a dhéanamh ar an bpróiseas pleanála teanga agus tacaíocht a thabhairt dó in BSGanna & i líonraí Gaeilge trí mhaoiniú agus chomhairle a sholáthar.	Pobail in BSGanna; Pobail i líonraí Gaeilge nó líonraí féideartha.	RTCEGSM; RP; Glór na nGael.	Acht na Gaeltachta 2012; S20B (Pobal, Stádas) & PG5; ATPI 2020-2025; Feidhmeanna FnaG..
B1: 5 Tacaíocht do phobail stádas mar Líonraí Gaeilge a bhaint amach trí mhaoiniú agus comhairle a chur ar fáil tríd an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge.	Grúpaí pobail Gaeilge.	RTCEGSM; RP; Glór na nGael; grúpaí pobail.	S20B (Pobal, Stádas) & PG5; ATPI 2020-2025; Feidhmeanna FnaG.
B1: 6 Tacaíocht do stáisiúin raidió pobail Ghaeilge (le ceadúnas craoltóireachta bailí) trí mhaoiniú agus comhairle a chur ar fáil tríd an Scéim Raidió Pobail.	Pobail labhartha na Gaeilge.	Na stáisiúin raidió.	S20B (Pobal, Stádas, na Meáin agus an Teicneolaíocht) & PG5; ATPI 2020-2025; CCC CATT; Feidhmeanna FnaG.
B1: 7 Tacaíocht do mhargadh léitheoireachta na leabhar Gaeilge trí na gradaim foilsitheoireachta a riar.	Earnáil foilsitheoireachta na Gaeilge; pobal léitheoireachta na Gaeilge.	Oireachtas na Gaeilge; Comhchoiste na hEarnála Foilsitheoireachta.	S20B (Na Meáin agus an Teicneolaíocht) & PG5; Feidhmeanna FnaG.

B1: 8 Soláthar ábhar léitheoireachta & eolais do phobal na Gaeilge trí Scéimeanna Earnáil na Meán Gaeilge.	Pobal na Gaeilge.	Tuairisc.ie; Comhar; agus NÓSmedia.	S20B (Na Meáin agus an Teicneolaíocht) & PG5; Feidhmeanna FnaG.
B1: 9 Tacaíocht a chur ar fáil do scríbhneoirí, d'fhoilsitheoirí agus don phobal léitheoireachta tríd na scéimeanna seo a leanas: a. Scéim na Foilsitheoireachta b. Scéim na dTionscadal Litríochta c. An Scéim Meantóireachta.	Foilsitheoirí; scríbhneoirí; léitheoirí; foghlaimeoirí.	Foilsitheoirí Gaeilge; Cumann na bhFoilsitheoirí; Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge; eagraíochtaí ealaíona/litríochta.	S20B (Na Meáin agus an Teicneolaíocht) & PG5; Feidhmeanna FnaG.
